Comhthéacs 5: An Litríocht sa Ghaeilge

Sa comhthéacs seo, ba cheart go mbeifeá ábalta:

- Ailt, dánta agus prós a léamh agus a phlé;
- Barúlacha agus smaointe a fhorbairt i dtaca le píosa litríochta agus tacú leo trí staidéar a dhéanamh ar an téacs;
- Tuiscint a léiriú ar an dóigh a ndéantar anailís ar phíosa litríochta; agus
- Cumarsáid scríofa a dhéanamh go héifeachtach agus Gaeilge chruinn a úsáid.

Ba chóir go bpléifí na rudaí seo a leanas

Cad é an t-ábhar atá i gceist?

- De ghnáth, bheadh an t-ábhar soiléir ón teideal nó ón chéad chúpla líne den phíosa.

Cad iad na teicnicí a bhíonn le feiceáil?

- athrá
- uaim
- áibhéil
- codarsnacht
- meafar

Cad iad na teicnicí a bhíonn le feiceáil?

- íomháineachas
- siombalachas
- onamataipé
- comparáid.
- An bhfuil rím nó rithim leis (mall nó gasta)?

Cad iad na mothúcháin a chuirtear os ár gcomhair?

- Déan do mhachnamh ar an téacs arís – an bhfuil áthas, brón, uaigneas, fearg, cumha le feiceáil sa dán nó an bhfuil codarsnacht idir na véarsaí?

Cad é atá an scríbhneoir ag iarraidh a rá linn?

- Is dócha go bhfuil teachtaireacht nó téama áirithe ag baint leis an phíosa litríochta. Is féidir go bhfuil níos mó ná téama amháin ann.
- Nuair a bhíonn tú ag plé téama, is tábhachtach go ndéanann tú tagairt don téacs féin, mar shampla.

Cad é atá an scríbhneoir ag iarraidh a rá linn?

- *Is léir ón líne ….' 'go bhfuil an file ag smaoineamh siar ar a óige agus a ghrá don cheantar dúchais…'*
- An é go bhfuil comparáid idir an saol mar a bhí agus mar atá anois? B'fhéidir go bhfuil sé bunaithe ar ábhar a bhíonn go mór i mbéal an phobail sa lá atá inniu ann nó a spreagann díospóireacht.

Cad é do bharúil féin de?

- Bí cinnte go bhfuil tú in ann na barúlacha atá agat a léiriú go muiníneach. Seo roinnt frásaí a chuideoidh leat na barúlacha sin a léiriú:

An bhfuil an píosa litríochta seo cosúil le rud ar bith eile atá léite agat?

- Is féidir comparáid a dhéanamh idir dhá phíosa scríbhneoireachta. Amharc ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an dá phíosa.
- Sílim/Ní shílim…
- Ceapaim/Ní cheapaim…
- Measaim/Ní mheasaim…
- Is dóigh liom…
- Is é mo bharúil…
- Is é mo thuairim…
- Is léir…
- Is soiléir…
- Is follasach…
- Feictear dom…
- Is dócha/Ní dócha…
- Tá cuma ar an scéal…

‘An Tobar’ le Cathal Ó Searcaigh

- seanchultúr
- seansaol
- seanluachanna
- beatha
- traidisiún
- An Tobar’
    - uaim
    - athrá
    - rithim
    - teanga
    - íomhánna
    - mothúcháin
- An Tobar’.
    - meafar
    - rím
    - cruth
    - atmaisféar
    - tóin
    - guth
- ‘Sean-Bhríd’.
- ‘Óir cúis mhaíte’.
- ‘Oidhreacht luachmhar an teaghlaigh’.
- ‘Deoch íce’.
- ‘Caithfear pilleadh ar na foinsí’.